2026/2538

18.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2538 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2026

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh na hÉigipte, na Seapáine agus Vítneam agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, agus lena bhfoirceannntar an t-imscrúdú ar allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na hIndia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán') agus go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919 ón gCoimisiún ([2]) ('an Rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh na hÉigipte, na Seapáine agus Vítneam.

(2) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur, úsáideadh sampláil agus imscrúdú á dhéanamh ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

(3) I mí Mheán Fómhair 2026, chuaigh grúpa Tokyo Steel Manufacturing Co., Ltd., táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Seapáine ar cuireadh a tháirgí faoi réir na dleachta frithdhumpála aonair 6,9 %, i dteagmháil leis an gCoimisiún, agus chuir siad earráid maidir leis an gcaoi a raibh ainm a chuideachta le feiceáil sa Rialachán bunaidh in iúl dó, is é sin Tokyo Steel Co. Ltd.. Deimhníodh le hanailís nua ar na doiciméid a chuir an chuideachta isteach cheana le linn an imscrúdaithe bunaidh, ina measc a hAirteagail chorpraithe, gur mílitríodh ainm an pháirtí sa Rialachán bunaidh.

(4) I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar gur gá an Rialachán bunaidh a leasú ó lá a theacht i bhfeidhm chun ainm ceart an táirgeora onnmhairiúcháin ábhartha a léiriú, is é sin Tokyo Steel Manufacturing Co., Ltd.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh na hÉigipte, na Seapáine agus Vítneam agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, agus lena bhfoirceannntar an t-imscrúdú ar allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na hIndia (IO L 2025/1919, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1919/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919 mar a leanas:

‘an tSeapáin	Tokyo Steel Co. Ltd.	6,9 %	89MA’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

‘an tSeapáin	Tokyo Steel Manufacturing Co., Ltd.	6,9 %	89MA’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Meán Fómhair 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN